Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Nollaig 2023
(OR. en)

15965/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0424 (NLE)**

ECOFIN 1279
UEM 416
FIN 1239

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta d'Éireann |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta d'Éireann**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

1 IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh d'Éirinn plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a chur isteach an 28 Bealtaine 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 8 Meán Fómhair 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta d'Éirinn trí bhíthin chinneadh cur chun feidhme ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021[1].

(2) De bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241, bhí an ranníocaíocht uasta airgeadais i gcomhair thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha gach Ballstáit le nuashonrú faoin 30 Meitheamh 2022 i gcomhréir leis an modheolaíocht dá bhforáiltear ann. An 30 Meitheamh 2022, chuir an Coimisiún torthaí an nuashonraithe sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

(3) An 22 Bealtaine 2023, chuir Éire plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241. I ndiaidh d'Éirinn an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chur isteach, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. D'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 14 Iúil 2023[2].

---

[1] Féach doiciméid ST 11046/21 INIT; agus ST 11046/21 ADD 1. ar http://register.consilium.europa.eu.

[2] Féach doiciméid ST 11336/23 INIT ar http://register.consilium.europa.eu.

(4) An 14 Iúil 2023, chuir an Chomhairle moltaí faoi bhráid na hÉireann i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Mhol an Chomhairle d'Éirinn, i*nter alia*, inbhuanaitheacht fhioscach chóras na bpinsean stáit a áirithiú agus dlús a chur le hinfheistíochtaí chun dlús a chur leis an ngeilleagar ciorclach agus sa bhonneagar uisce óil agus fuíolluisce. Ina theannta sin, mhol an Chomhairle d'Éirinn an spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú, iarrachtaí a dhíriú ar fheabhas a chur ar an tsolúbthacht sa chóras leictreachais agus feabhas a chur ar chomhtháthú an chórais fuinnimh agus an creat pleanála agus ceadaithe le haghaidh foinsí in-athnuaite, stórála agus nascóirí eangaí a chuíchóiriú. Mhol an Chomhairle d'Éirinn freisin bearta breise a chur chun feidhme lena dtacaítear le héifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh, lena gcuirtear dlús le suiteáil pointí luchtaithe poiblí le haghaidh feithiclí astaíochtaí nialasacha agus lena ndírítear ar na scileanna is gá don aistriú glas.

(5) An 25 Deireadh Fómhair 2023, chuir Éire an dara plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta modhnaithe faoi bhráid an Choimisiúin. Leis an an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, cuirtear san áireamh freisin an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe i gcomhréir le hAirteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 agus áirítear leis iarraidh réasúnaithe don Choimisiún togra a dhéanamh chunCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241 ar na forais nach féidir an Plean Téarnaimh agus Athléimneachta a bhaint amach a thuilleadh mar gheall ar imthosca oibiachtúla go páirteach. Bhain na modhnuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta d'Éirinn le 7 mbeart.

(6) Cuireadh isteach an t- achoimre ar na comhairliúcháin in éineacht leis an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe, i gcomhréir leis na treoirlínte um measúnú a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

Nuashonruithe bunaithe ar Airteagal 18 de Rialachán 2021/241 (AE)

(7) Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chuir Éire isteach, tugtar dhá bheart cothrom le dáta chun an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe a chur san áireamh. Mhínigh Éire, toisc gur laghdaíodh an ranníocaíocht uasta airgeadais ó EUR 988 966 534 go EUR 914 368 618, ní mór dhá bheart faoi chomhpháirteanna 1 'An t-aistriú glas a chur chun cinn' agus 3 (Téarnamh sóisialta agus eacnamaíoch agus cruthú post) dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021, a bhaint den phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe.

(8) Baineann na bearta sin le hinfheistíocht 1.1 (Scéim Iasachta Iarfheistithe Áiteanna Cónaithe ar Chostas Íseal a Dhírioscú) faoi chomhpháirt 1, arb é is aidhm di infheistíocht phríobháideach in éifeachtúlacht fuinnimh a spreagadh trí scéim iasachta iarfheistithe cónaithe ar ráta úis íseal a chur ar bun bunaithe ar ráthaíocht iasachta a sholáthróidh an stát do bhainc mhiondíola rannpháirteacha agus d'institiúidí creidmheasa eile, agus infheistíocht 3.1 (Clár Socrúcháin Taithí Oibre) faoi chomhpháirt 3, a bhaineann leis an maoiniú chun tacú le cuardaitheoirí poist atá dífhostaithe ar feadh 6 mhí ar a laghad filleadh ar an obair, trí shocrúcháin oibre agus oiliúint a thairiscint. Dá bhrí sin ba cheart an tuairisc ar na bearta agus na garspriocanna agus na spriocanna 1, 2, 3, 78 agus 79 a bhaineann leo a bhaint de Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021.

Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán 2021/241 (AE)

(9) Téann an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chuir Éire isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla i bhfeidhm ar chúig bheart.

(10) Baineann an chéad leasú le hinfheistíocht 1.2 (Dlús a chur le Dícharbónú na hEarnála Fiontraíochta) faoi chomhpháirt 1 (An t-aistriú glas a chur chun cinn ). Cuimsítear san infheistíocht dícharbónú na bhfiontar trí shuiteáil na gcóras rialaithe méadraithe agus faireacháin fuinnimh a dhreasú agus trí ghlacadh an téimh ísealteochta nó meánteochta atá neodrach ó thaobh carbóin de sa tionscal monaraíochta a mhéadú. Mhínigh Éire go ndearnadh sprioc 5 faoin infheistíocht sin a mhodhnú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun uaillmhian bhunaidh an bhirt a bhaint amach. Go sonrach, is féidir cainníocht níos mó d’astaíochtaí $CO_2$ a mhaolú trí gan tacaíocht a sholáthar i gcomhair a oiread tionscadal ach í a sholáthar do thionscadail níos mó toisc gur dócha go laghdófar costas níos airde in aghaidh an tona $CO_2$ ar thionscadail níos lú. Ar an mbonn sin, d’iarr Éire sprioclíon na gcuideachtaí a mhodhnú síos ó 750 go 150, á nascadh leis an líon níos ísle tionscadal a bhfaightear tacaíocht mhéadaithe ina leith, rud atá níos fearr chun cuspóir an bhirt a ghabháil. Ina theannta sin, d’iarr Éire go ndéanfaí sprioc 6 den bheart céanna a mhodhnú mar gheall ar earráid chléireachais a bheith ann ba chúis le mífhaisnéis maidir le hacmhainneacht laghdaithe an bhirt sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh. Tá fianaise curtha ar fáil ag Éirinn, i dteannta leis an modhnú thuasluaite ar sprioc 5, lena dtugtar údar le modhnú ar sprioc 6 go dtí méid iomlán maolaithe de 40 000 tona $CO_2$. De bharr na n-imthosca céanna, d’iarr Éire freisin go ndéanfaí na tuairiscí ar fhobheart 1.2.1 agus 1.2.2 araon a leasú, chomh maith leis na tuairiscí ar gharspriocanna agus ar spriocanna 4, 5, 6, 7, agus 8, an táscaire cáilíochtúil le haghaidh gharspriocanna 4 agus 7 agus an beart gaolmhar le haghaidh gharsprioc 7 agus sprioc 8 a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(11) Baineann an dara leasú le hinfheistíocht 1.3 (Tionscadal Treo-aimsitheora Iarfheistithe na hEarnála Poiblí) faoi chomhpháirt 1. Is é is cuspóir don infheistíocht maoiniú a sholáthar i gcomhair uasghrádú mór ar fhoirgnimh oifige poiblí trí infheistíocht a dhéanamh in éifeachtúlacht fuinnimh agus in uasghrádú nuachóirithe chun laghdú suntasach a dhéanamh ar a lorg carbóin agus a saolré fhóinteach a fhadú. Mhínigh Éire nach féidir garsprioc 10 den bheart a bhaint amach a thuilleadh laistigh den achar ama a thugtar mar gheall ar an líon mór dídeanaithe a dteastaíonn réitigh thithíochta uathu mar thoradh ar chogadh fogha na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Le hiarrachtaí an Rialtais aghaidh a thabhairt ar thionchar na géarchéime daonnúla rinneadh acmhainní riaracháin a atreorú ó chur chun feidhme gharsprioc 10 isteach agus i dtreo bainistiú a dhéanamh ar na riachtanais éigeandála tithíochta agus cóiríochta a bhaineann le teacht na ndídeanaithe ón Úcráin. Ós rud é gur cuireadh an cúram ar Oifig na nOibreacha Poiblí réitigh chóiríochta éigeandála a shocrú agus a chruthú do na dídeanaithe ón Úcráin, b’éigean sciar suntasach dá hacmhainní riaracháin a ath-leithdháileadh ar gearrfhógra i dtreo na n-iarrachtaí sin. Bhí sé sin ina imthoisc gan choinne lenar sáraíodh obair rialta Oifig na nOibreacha Poiblí, rud a d’fhág gur cuireadh moill ar chur chun feidhme infheistíocht 1.3. Ar an mbonn sin, d’iarr Éire go gcuirfí dáta táscach chur i gcrích garsprioc 10 siar don cheathrú ráithe de 2025 agus go ndéanfaí an gharsprioc a leasú. De bharr na n-imthosca céanna, d’iarr Éire go ndéanfaí an tuairisc tomhais ar infheistíocht 1.3, na tuairiscí agus na táscairí cáilíochtúal gharspriocanna 9, 10 agus 11 agus ainm gharsprioc 10 a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(12) Baineann an tríú leasú le hinfheistíocht 1.4 (Leictriú Amach Anseo a Éascú trí Infheistíocht Spriocdhírithe in Iarnród Comaitéireachta Chorcaí) faoi chomhpháirt 1. Is é is aidhm d'Infheistíocht 1.4 beartas soghluaisteachta inbhuanaithe a leathnú i réigiún Chorcaí, úsáid as gluaisteáin a laghdú agus glacadh an iompair phoiblí a mhéadú, agus ar an dóigh sin cur leis an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa. Cuimsítear trí fhobheart ann: (a) Traslíne bhreise a chruthú mar aon le hardán breise ag Stáisiún an Cheanntaigh' (b) Rianú dúbailte ar an líne aonair reatha idir An Gleanntán agus Mainistir na Corann; (c) Na línte a Athchomharthú. Na ceanglais arna leagtar amach sa tuairisc maidir le droichead coisithe a thógáil sa chéad fhobheart lena dtuartar go gcruthófar traslíne bhreise, agus ardán breise ag Stáisiún an Cheanntaigh, mhínigh Éire go ndearnadh iad a mhodhnú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun uaillmhian bhunaidh an bhirt a bhaint amach. Mhol tríú páirtí neamhspleách an t-ardán atá ann cheana a leathnú mar an rogha ab fhearr i ndiaidh staidéar indéantachta agus deartha. Ní rabhthas ag súil go mbeadh leathnú ardáin atá ann cheana ar an rogha ab fhearr tráth a cuireadh an plean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh isteach. Ar an mbonn sin, d'iarr Éire ainm an bhirt agus an tuairisc ar an mbeart a mhodhnú, chomh maith leis an mbeart gaolmhar do gharspriocanna 14, 15 agus 16 agus an cur síos ar gharsprioc 16 lena léiriú gur féidir leis an stáisiún acmhainn bhreise a fháil agus ceanglais inrochtaineachta á gcomhlíonadh aige, agus mar sin, cuirtear deireadh leis an ngá atá le droichead coisithe a thógáil. Ina theannta sin, de bharr na n-imthosca céanna, d'iarr Éire go ndéanfaí leasú ar na tuairiscí tomhais ar na trí fho-infheistíocht 1.4.1, 1.4.2, agus 1.4.3, chomh maith le hainmneacha agus táscairí cáilíochtúla gharspriocanna 12 agus 22. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(13) Baineann an ceathrú leasú le hinfheistíocht 2.1 (Lárionad Sonraí Comhroinnte Rialtais a Fhorbairt) faoi chomhpháirt 2 (Dlús a chur le hathchóirithe digiteacha agus aistriú digiteach agus iad a leathnú). Is éard atá i gceist leis an infheistíocht lárionad comhroinnte sonraí Rialtais a fhorbairt. Mhínigh Éire nach féidir garsprioc 54 agus sprioc 55 den bheart a bhaint amach a thuilleadh laistigh den achar ama a thugtar mar gheall ar shuaitheadh an tslabhra soláthair a tharla mar gheall ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, chomh maith le boilsciú atá ag dul i gcion ar phraghsanna ábhar tógála agus ar chostais fuinnimh atá ag méadú. Leis an méadú ar chostais, cuireadh moill ar an bpróiseas tairisceana mar gheall ar an ngá le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcás gnó maidir leis an lárionad sonraí a thógáil, maoiniú breise a aimsiú agus cead rialtais a fháil sula bhféadfaí an conradh a dhámhachtain. Ina theannta sin, mhínigh Éire nach féidir an ceanglas maidir le sprioc 55 a bhaineann le hascnamh freastalaithe agus seirbhísí ceithre eagraíocht chuig lárionad sonraí Rialtais nua a bhaint amach a thuilleadh mar gheall ar na moilleanna thuas, rud a fhágann nach mbeidh ach bliain amháin idir críochnú na tógála agus deireadh na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta. Ar an mbonn sin, d'iarr Éire go gcuirfí cur i gcrích gharsprioc 54 agus sprioc 55 siar go dtí an dara ráithe de 2025 agus an dara ráithe de 2026 faoi seach agus sprioc 55 a laghdú ó cheithre eagraíocht a mbeidh a bhfreastalaithe agus a seirbhísí á n-ascnamh acu go dtí an lárionad sonraí Rialtais nua go dtí dhá eagraíocht a mbeidh a bhfreastalaithe agus a seirbhís á n-ascnamh acu. De bharr na n-imthosca céanna, d'iarr Éire go ndéanfaí leasú ar an tuairisc ar bheart 2.1 chomh maith leis an tuairisc ar sprioc 55. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(14) Baineann an cúigiú leasú le hinfheistíocht 3.2 (Clár Freagartha Scileanna Téarnaimh Solas) faoi chomhpháirt 3. Is éard atá i gceist leis an infheistíocht maoiniú a sholáthar chun tacú le gníomhaíochtaí athscilithe agus uas-scilithe, chun rannpháirtithe a ullmhú leis na scileanna is gá don dá aistriú agus sna sprioc-earnálacha ina bhfuil deiseanna fostaíochta. Mhínigh Éire nach féidir spriocanna 82 agus 83 den bheart seo a bhaint amach a thuilleadh laistigh den achar ama a leagtar síos i gCinneadh Cur Chun Feidhme an 8 Meán Fómhair 2021 ón gComhairle mar gheall ar ráta dífhostaíochta íseal mar thoradh ar an athléimneacht fostaíochta gan choinne i ndiaidh ghéarchéim na paindéime. Cé go bhfuil na forbairtí sin an-dearfach d'Éirinn, chuaigh siad i bhfeidhm ar chumas na hearnála breisoideachais agus oiliúna na spriocanna don bheart sin a bhaint amach. Ina theannta sin, mhínigh Éire nach féidir an ceanglas maidir le sprioc 83 maidir le 20 % de ar a laghad de rannpháirtíocht na mban faoi bhun 30 bliain d'aois ag a bhfuil leibhéal gnóthachtála oideachais de 5 nó níos ísle sa tionscnamh Scileanna chun Dul san Iomaíocht a bhaint amach a thuilleadh mar gheall ar chúiseanna thuasluaite. Ar an mbonn sin, d'iarr Éire go gcuirfí dáta tháscach chríochnú spriocanna 82 agus 83 siar go dtí an ceathrú ráithe de 2024 agus go ndéanfaí leasú ar an luach agus ar an tuairisc ar sprioc 83. In ionad díriú ar sprioc 20 % de mhná faoi bhun 30 ag a bhfuil leibhéal gnóthachtála oideachais de 5 nó níos ísle sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí atá cláraithe sa tionscnamh Scileanna chun Dul san Iomaíocht, cuirtear an sprioc siar go dtí an ceathrú ráithe de 2024 agus leathnaítear an sainmhíniú chun gach bean a áireamh beag beann ar aois agus ar ghnóthachtáil oideachais, rud a fhágann go mbeidh sciar rannpháirtíochta de 50 % de mhná cláraithe i gceann amháin ar a laghad de na deiseanna soláthair scileanna faoin tionscnamh Scileanna chun Dul san Iomaíocht. De bharr na n-imthosca céanna, d'iarr Éire go ndéanfaí an tuairisc ar bheart 3.2 chomh maith le hainmneacha agus tuairiscí gharspriocanna agus spriocanna 80, 81, 82, agus 83 agus táscairí cáilíochtúal gharspriocanna 80 agus 81 a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(15) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag Éirinn, go bhfuil údar maith leis an nuashonrú de bhun Airteagal 18(2) agus le leasuithe de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241.

(16) Leis na modhnuithe teoranta arna ndéanamh ag Éirinn, ní dhéantar difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta roimhe seo maidir lena ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht nó comhleanúnachas.

Ceartúcháin ar earráidí cléireachais

(17) Sainaithníodh earráid chléireachais amháin i dtéacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021, lena ndéantar difear do thrí gharsprioc agus sprioc agus do bheart amháin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómáir 2021 a leasú chun an earráid chléireachais a cheartú, earráid nach bhfreagraíonn d'ábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 28 Bealtaine 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus Éire.

(18) Baineann an earráid chléireachais leis an tuairisc ar athchóiriú 3.6 Pleanáil Ionsaitheach Cánach agus garsprioc 96 faoi chomhpháirt 3. Ní dhéanann na ceartúcháin difear do chur chun feidhme an bhirt lena mbaineann.

Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar fhoshraith shuntasach de na dúshláin arna sainaithint sna moltaí tírshonracha

(19) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2, d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go dtabharfar aghaidh i gcónaí leis bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe ar gach dúshlán nó ar fhoshraith shuntasach de na dúshláin arna sainaithint sna moltaí tírshonracha ábhartha, a dhírítear chuig Éirinn, lena n-áirítear na gnéithe fioscacha díobh.

(20) Go sonrach, d'ainneoin gur baineadh infheistíocht 1.1 (Scéim Iasachta Iarfheistithe Áiteanna Cónaithe ar Chostas Íseal a Dhírioscú), tugtar aghaidh fós sa phlean téarnaimh agus athléimneachta nuashonraithe ar dhúshláin a bhaineann leis an aistriú glas. Tá raon feidhme an-leathan de bhearta glasa fós sa phlean téarnaimh agus athléimneachta nuashonraithe, lena ndírítear ar athchóiriú fuinnimh d'fhoirgnimh phoiblí, ar fhiontair a dhícharbónú, iompar inbhuanaithe a chur chun cinn agus lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin bhithéagsúlachta trí thailte portaigh a athshlánú agus cóireáil uisce a fheabhsú. Ina theannta sin, d'ainneoin gur baineadh infheistíocht 3.1 (Clár Socrúcháin Taithí Oibre), tugtar aghaidh fós sa phlean téarnaimh agus athléimneachta nuashonraithe ar dhúshláin a bhaineann le tacú le fostaíocht trí thacaíocht a thabhairt do chomhtháthú gníomhach agus uas-sciliú trí infheistíocht 3.2, (Clár Freagartha Scileanna Téarnaimh SOLAS).

Rannchuidiú le hacmhainneacht fáis, le cruthú post agus le hathléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach

(21) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar ard i gcónaí ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe ar acmhainneacht fáis, cruthú post agus athléimneacht eacnamaíoch shóisialta agus institiúideach na hÉireann a neartú, lena rannchuideofar le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear trí bheartais a chur chun cinn maidir le leanaí agus an óige, agus maidir le maolú a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta ghéarchéim COVID-19, lena bhfeabhsófar, dá bhrí sin, an comhtháthú agus an cóineasú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach laistigh den Aontas.

(22) Go sonrach, d’ainneoin gur baineadh an beart infheistíocht 3.1 (Clár Socrúcháin Taithí Oibre) faoi chomhpháirt 3 (Téarnamh sóisialta agus eacnamaíoch agus cruthú post), tá bearta fós sa phlean téarnaimh agus athléimneachta nuashonraithe chun comhtháthú sóisialta a neartú trí thacú le fostaíocht, go háirithe trí dheiseanna uas-scilithe agus athscilithe agus infheistíochtaí san oideachas.

Rannchuidiú leis an aistriú glas, lena n- áirítear an bhithéagsúlacht

(23) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.5 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Is éard atá sna bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide méid arb ionann é agus 42 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta, arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.

(24) Coinnítear an uaillmhian i dtreo aistriú glas sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe i gcomparáid leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh, mar gheall, go príomha, go laghdaítear leithdháileadh foriomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta go comhréireach leis an laghdú ar an ranníocaíocht i dtreo na gcuspóirí aeráide i ndiaidh an laghdaithe ar an ranníocaíocht uasta airgeadais atá ar fáil d’Éirinn, agus baineann 42 % den phlean téarnaimh agus athléimneachta athbhreithnithe leis, i gcomparáid le 42 % den phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh.

(25) Na leasuithe a rinneadh chun nuashonrú na ranníocaíochta uasta airgeadais agus na n-imthosca oibiachtúla a chur san áireamh, ní dhéantar difear leo don mheasúnú dearfach a rinneadh roimhe sin ar an rannchuidiú leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, ná d'aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Leis na hinfheistíochtaí suntasacha atá sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, d'fhéadfaí cur le dícharbónú an gheilleagair trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh phoiblí, trí thionscail a dhícharbónú, trí shoghluaisteacht inbhuanaithe iarnróid a chur chun cinn, trí bhithéagsúlacht a athchóiriú trí athshlánú tailte portaigh, trí chóireáil uisce a fheabhsú, agus trí thaighde agus nuálaíocht ghlas a éascú. Chuir Éire bearta san áireamh lena ndéantar foráil maidir le teacht i bhfeidhm na leasuithe ar an dlí aeráide agus an méadú gaolmhar ar spriocanna aeráide, agus maidir le méadú suntasach ar an gcáin charbóin thar thréimhse an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

Rannchuidiú leis an aistriú digiteach

(26) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Is éard atá sna bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha méid arb ionann é agus 34,2 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.

(27) Méadaítear an uaillmhian i dtreo aistriú digiteach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe ábhairín i gcomparáid leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh, mar gheall, go príomha, go laghdaítear leithdháileadh foriomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta níos mó ná méid comhréireach maidir leis an laghdú ar an ranníocaíocht i dtreo an athraithe dhigitigh i ndiaidh an laghdaithe ar an ranníocaíocht uasta airgeadais atá ar fáil d'Éirinn, agus baineann 34,2 % den phlean téarnaimh agus athléimneachta athbhreithnithe leis, i gcomparáid le 32 % den phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh.

(28) Na leasuithe a rinneadh chun nuashonrú na ranníocaíochta uasta airgeadais agus na n-imthosca oibiachtúla a chur san áireamh, ní dhéantar difear leo don mheasúnú dearfach a rinneadh roimhe sin ar an rannchuidiú leis an aistriú digiteach ná d'aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Dírítear roinnt beart ar rannchuidiú leis an aistriú digiteach trí thacaíocht a thabhairt do dhigitiú fiontar, aghaidh a thabhairt ar riosca na deighilte digití, lena n-áirítear san earnáil oideachais, scileanna digiteacha a fheabhsú, agus tacú le bonneagar digiteach a fhorbairt agus seirbhísí poiblí digiteacha a sholáthar.

Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

(29) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, na socruithe atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, is leordhóthanach iad (rátáil A) chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí a sholáthraítear faoin Rialachán sin, agus táthar ag súil leis na socruithe go ndéanfar maoiniú dúbailte faoin Rialachán sin agus faoi chláir eile an Aontais a sheachaint ar bhealach éifeachtach. Ní dochar an méid sin do chur i bhfeidhm ionstraimí agus uirlisí eile chun comhlíonadh dhlí an Aontais a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus chun buiséad an Aontais a chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

(30) Sa mheasúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh d'Éirinn, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, measadh go raibh na socruithe a mholtar ann leordhóthanach (rátáil A) chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú, faoi réir comhlíonadh tráthúil an dá gharsprioc 108 agus 109. Baineann na garspriocanna sin leis na nithe seo a leanas: (a) córas stórais maidir le hiniúchadh agus rialuithe; (b) acmhainneacht riaracháin an Chomhlachta Cur Chun Feidhme agus an Chomhlachta Iniúchóireachta.

---

1 Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1).

(31) Ó rinneadh an measúnú bunaidh, bhí rochtain ag an gCoimisiún ar fhaisnéis maidir lena chur chun feidhme iarbhír. Áirítear leis sin torthaí na hiniúchóireachta ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais arna ndéanamh ag an gCoimisiún in Éirinn.

(32) I bhfianaise na faisnéise sin, measann an Coimisiún go bhfuil córas rialaithe inmheánaigh an phlean téarnaimh agus athléimneachta d'Éirinn leordhóthanach ar an iomlán, ach tá roinnt easnamh ann nach mór aghaidh a thabhairt orthu trí gharspriocanna tiomnaithe iniúchóireachta agus rialaithe. Baineann sé sin leis an ngá atá le treoracha ón gComhlacht Cur Chun Feidhme (an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe) chuig na Ranna Cuntasacha d'fhonn an creat a neartú tuilleadh chun aon neamhrialtacht tromchúiseach a chosc, a bhrath agus a cheartú, neamhrialtacht amhail calaois, coinbhleacht leasa, éilliú nó maoiniú dúbailte.

(33) Tá an córas rialaithe inmheánaigh a thuairiscítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe d'Éirinn bunaithe ar phróisis agus ar struchtúir láidre atá i bhfeidhm chun calaois, éilliú, coinbhleacht leasa agus maoiniú dúbailte a chosc agus a bhrath. Tá ranna agus gníomhaireachtaí a shainaithnítear go soiléir freagrach agus cuntasach as na gealltanais infheistíochta agus athchóirithe aonair laistigh den phlean a chur chun feidhme, a sholáthar agus a thuairisciú i gcomhréir lena réimsí inniúlachta. Tá bailiú agus cur ar fáil catagóirí caighdeánaithe sonraí i gcomhréir le hAirteagal 22(2), pointe (d), de Rialachán (AE) 2021/241 ag Córas Faisnéise na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta leordhóthanach. Tá an acmhainneacht riaracháin is gá ag an gComhlacht Cur Chun Feidhme a bhfuil an fhreagracht aige, i measc cúraimí eile, as maoirsiú a dhéanamh ar chur chun feidhme beart rialaithe lena fheidhmeanna a chomhlíonadh. Tá an chumhacht dhlíthiúil ag Údarás Iniúchóireachta Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa a chúraimí a fheidhmiú trí oibriú le húdarás díreach an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus faoi mhaoirseacht agus faoi threoir ghinearálta Choiste Iniúchóireachta na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(34) Ba cheart garsprioc bhreise maidir le hiniúchóireacht agus rialú a thabhairt isteach. Leis sin, ceanglaítear ar an gcomhlacht cur chun feidhme (an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe) treoracha a eisiúint chuig na ranna cuntasacha maidir le coinbhleacht leasa *ex-ante* agus seiceálacha ar mhaoiniú dúbailte, maidir le measúnú riosca calaoise agus fíoruithe ar an láthair. Ba cheart an garsprioc sin a chomhlíonadh faoin tráth a chuirfear an dara hiarraidh ar íocaíocht faoi bhráid an Choimisiúin ar a dhéanaí.

Aon chritéir mheasúnaithe eile

(35) Maidir leis na critéir mheasúnaithe a leagtar amach in Airteagal 19(3), pointí (a), (d), (g), (i) agus (k), de Rialachán (AE) 2021/241, ní dhéantar leis na mionathruithe teoranta ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta tosaigh.

Measúnú dearfach

(36) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go comhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, leagtar amach leis an gCinneadh seo na bearta athchóirithe agus infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chur chun feidhme, na garspriocanna, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh- iníoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe.

(37) Is é EUR 923 158 300 an costas measta iomlán atá ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe d'Éirinn. Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil d'Éirinn, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe d'Éirinn a bheith comhionann le méid iomlán na ranníocaíochta airgeadais atá ar fáil don phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe d'Éirinn. Is ionann an méid sin agus EUR 914 368 618.

(38) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta d'Éirinn a leasú dá réir sin. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin a athrú ina hiomláine,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta d'Éirinn mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta nuashonraithe d'Éirinn a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean, na socruithe agus an t- amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean agus é a chur chun feidhme, lena n- áirítear na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Cuirfidh an tAontas ranníocaíocht airgeadais ar fáil d'Éirinn i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíoctha dar luach EUR 914 368 618*. Beidh méid EUR 914 368 618 ar fáil lena ghealladh go dlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022.

---

* Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na hÉireann de na speansais dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht a leagtar amach in Airteagal 11 den Rialachán sin.';

(3) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*

Is chuig Éirinn a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*